Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Suíomh Gréasáin: www.schooldigitalchampion.gov.ie

Ríomhphost: schooldigitalchampion@dccae.gov.ie

Guthán: Paula Gormley (01) 678 2025

Scríobh chuig: Oifig Tionscadail Crann Taca Digiteach Scoile, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Elm House, Bóthar Earlsvale, An Cabhán H12 A8H7.

SCHOOL DIGITAL CHAMPION

Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | EDUCATION AND SKILLS

SCHOOL DIGITAL CHAMPION

www.schooldigitalchampion.gov.ie

Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile

Tá an Rialtas ag iarraidh cur le húsáid na teicneolaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim. Agus infheistíocht an Stáit i nascacht leathanbhanda ardluais mar dhúshraith faoi, tá tús curtha ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an tionscnamh nua seo, Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile.

Táimid ag tabhairt cuireadh do do scoil agus do do chuid daltaí tabhairt faoi thionscadal a thaispeánfaidh an chaoi ar féidir úsáid a bhaint as scileanna sa teicneolaíocht dhigiteach chun dul i bhfeidhm ar an scoil, ar ghnó áitiúil nó ar an bpobal níos leithne.

Eagróimid lá oiliúna chun scileanna a fhoghlaim chomh maith le deiseanna spreagúla eile do dhaltaí agus do mhúinteoirí.

Ní mór an fhoirm iarratais ar líne a chur isteach faoi 5pm Déardaoin, 5 Deireadh Fómhair 2017.

An Clár 2017/2018

I ndiaidh an chláir phíolótaigh rathúil, seoladh Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile go náisiúnta i gcaitheamh na bliana acadúla 2016/2017. I gcaitheamh an chláir, cuireadh oiliúint ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Mar chuid den oiliúint sin reáchtáladh ceardlanna ar eagarthóireacht físeán, ar dhearadh gréasáin, ar chódú agus ar dhearadh aipeanna, chomh maith le ceardlanna ar scileanna cumarsáide agus cur i láthair, ar mhargaíocht agus ar thaighde. Cuireadh laethanta oiliúna ar siúl i mBÁC agus i nGaillimh araon, a bhí tacaithe ag RTÉ, PDST agus OÉG.

Chomhoibrigh an Roinn le roinnt comhpháirtithe tionscail, ina measc RTÉ, Facebook, Google, The Science Gallery agus Bridge 21 de chuid Choláiste na Tríonóide, agus EA Games Galway, chun an clár a sheachadadh. Thapaigh múinteoirí agus daltaí an deis chun cuairt a thabhairt ar ár gcomhpháirtithe, áit ar ghlac siad páirt i gcláir spreagúla, faisnéiseacha, ina measc:

- seisiún oiliúna san iriseoireacht mhóibíleach
- idéú cruthaitheach
- réaltacht fhíorúil
- gníomhaíocht theagmhálach san eolaíocht ríomhaireachta, agus
- cainteanna faoi ghairmeacha.

Chuir na Crainn Taca Dhigiteacha Scoile a dtionscadail i láthair agus bronnadh teastais rannpháirtíochta orthu ag imeacht speisialta mar chuid den Excited Digital Learning Festival i gColáiste na Naomh Uile, DCU. Is féidir féachaint ar fhíseáin ina bhfuil aiseolas ó na múinteoirí agus ó na daltaí i ndáil leis an taithí a bhí acu ar an gclár agus an tionchar a bhí aige. Tá na físeáin sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.schooldigitalchampion.gov.ie.

Cén tairbhe atá le baint as páirt a ghlacadh i gClár na gCrann Taca Digiteach Scoile?

Scoileanna

Is deis uathúil é seo do do chuid daltaí chun páirt a ghlacadh i gclár spreagúil nuálach ar féidir leo a bheith ag foghlaim ar a lán leibhéal tríd.

Déanfaidh an clár:

- aitheantas a thabhairt do dhaltaí atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh teicneolaíochtaí nua a úsáid
- deis a thabhairt don phobal a bheith páirteach a oiread agus is féidir
- foghlaim a stiúradh trí úsáid teicneolaíochtaí nua agus
- do chuid daltaí a chumasú le fíordhifríocht a dhéanamh tríd an teicneolaíocht a úsáid.

Mic Léinn

Oiliúint
Tabharfaimid deis do dhaltaí páirt a ghlacadh i lá oiliúna chun scileanna a fhoghlaim. Cuirfear ceardlanna ar fáil an lá sin a bheidh saincheaptha chun na riachtanais a luaitear ar an bhfoirm iarratais Crann Taca Digiteach Scoile a chomhlíonadh. Roghnófar láithreacha réigiúnacha le haghaidh oiliúna bunaithe ar líon na scoileanna a chuireann isteach air agus ar na háiteanna a bhfuil na scoileanna lonnaithe.

Feabhsóidh daltaí príomhscileanna. Ina measc sin beidh:

- smaointeoireacht chriticiúil
- nuálaíocht
- cumarsáid
- cruthaitheacht agus
- obair foirne

Cuairteanna suímh
Beidh deis ag daltaí atá rannpháirteach sa chlár bualadh leis na príomhchomhlachtaí teicneolaíochta trí shraith cuairteanna suímh, a bheidh eagraithe ag an Roinn.

Líonrú
Beidh seans agaibh aithne a chur ar Chrainn Taca Dhigiteacha Scoile eile agus beidh tacaíocht leanúnach ar fáil ó oifig tionscadail Chrann Taca Digiteach Scoile.

Tionscadail a chur i láthair
Cuirfimid deis ar fáil chun gach tionscadal críochnaithe a chur i láthair ag ócáid i mí na Bealtaine 2018.

Múinteoirí

Oiliúint
Tabharfaimid deis do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i lá oiliúna chun scileanna a fhoghlaim, bunaithe ar na riachtanais a luaitear ar an bhfoirm iarratais Crann Taca Digiteach Scoile. Roghnófar láithreacha réigiúnacha le haghaidh oiliúna bunaithe ar líon na scoileanna a chuireann isteach air agus ar na háiteanna a bhfuil na scoileanna lonnaithe.

Foghlaim theagmhálach a chur chun cinn
Is é aidhm an chláir ná foghlaim thionscadalbhunaithe agus cruthú eolais a chur chun cinn trí úsáid na nuatheicneolaíochtaí.

Nuair a ghlacfaidh do chuid daltaí páirt sa chlár, beidh siad ag plé leis an teicneolaíocht chun dul i ngleic le dúshláin an tsaoil mhóir.

Cén chaoi a nglacfaidh scoileanna páirt sa chlár?

Ba chóir daoibh 4 dhalta a roghnú mar fhoireann, daltaí a d'fhéadfadh a bheith ina gceannairí nó ina n-eiseamláirí ó thaobh forbairt agus úsáid na teicneolaíochtaí digiteacha de. Crann Taca Digiteach Scoile a thugtar ar gach duine acu sin agus oibreoidh siad chun dúshláin an tsaoil mhóir a réiteach.

Tabharfaidh na Crainn Taca faoi thionscadal digiteach nua arb é is aidhm dó tairbhe a thabhairt:

- don scoil
- do ghnóthaí áitiúla nó
- don phobal níos leithne

Céard iad na téamaí tionscadail?

Tá trí théama tionscadail ann le haghaidh Crann Taca Digiteach Scoile. Ní mór do dhaltaí a thaispeáint cén chaoi ar féidir le teicneolaíocht agus scileanna digiteacha tionchar a imirt agus difríocht a dhéanamh. Is féidir le do scoil, agus sibh ag obair le bhur gCrainn Taca Dhigiteacha Scoile, tionscadal a roghnú ó cheann de na **3 théama** seo a leanas:

Téama 1: Fiontraíocht áitiúil

Sa lá atá inniu ann, tá níos lú ná ceann amháin as gach ceithre ghnó bheaga ag trádáil ar líne agus is thar lear a théann suas le 70% den airgead a chaitheann tomhaltóirí na hÉireann.

Cén chaoi ar féidir leatsa, mar Chrann Taca Digiteach Scoile, cabhrú le do chuid gnóthaí beaga áitiúla trádáil ar líne agus ceangal lena gcuid custaiméirí?

Téama 2: An pobal áitiúil

Tá an t-idirlíon ag dul i bhfeidhm go mór ar shochaí na hÉireann. Dóibh siúd atá 'ceangailte', tá an réimse cumarsáide, siamsaíochta, faisnéise agus acmhainní foghlama atá ar fáil i bhfad níos mó ná mar atá dóibh siúd atá fós taobh amuigh den domhan digiteach.

Cén chaoi ar féidir leatsa, mar Chrann Taca Digiteach Scoile, tacú le do phobal áitiúil chun an leas is fearr a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach?

Téama 3: Ar scoil agus sa bhaile

Tá scileanna digiteacha ag teastáil i naoi bpost as gach deich gcinn. Tá fostóirí ag leagan níos mó béime ar scileanna amhail:

- réiteach fadhbanna
- cumarsáid
- smaointeoireacht chriticiúil agus
- oibriú mar fhoireann

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbíonn foghlaim ar siúl taobh istigh den scoil agus taobh amuigh di.

Cén chaoi ar féidir leatsa, mar Chrann Taca Digiteach Scoile, teacht ar bhealaí chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú leis an bhfoghlaim ar scoil agus taobh amuigh den scoil?

Chomh maith leis sin, is féidir leis na Crainn Taca Dhigiteacha Scoile saineolas agus tacaíocht ó thaobh na teicneolaíochta digití de a chur ar fáil chun cabhrú le daltaí atá páirteach i gcláir eile agus in obair thionscadail ar scoil.

An comórtas é seo?

Ní hea. Sa chlár seo táthar ag díriú ar rannpháirtíocht ghníomhach seachas ar iomaíocht. De réir roinnt múinteoirí a bhí páirteach sa chlár roimhe seo, is clár ionchuimsitheach é a dhéanann freastal ar gach leibhéal de scileanna teicneolaíochta faisnéise. Dúirt siad freisin gur spreag sé daltaí chun eolas a roinnt agus comhoibriú lena chéile. Anuas air sin, chuir sé ar an eolas iad faoi dheiseanna gairme sa réimse digiteach.

Céard é an próiseas iarratais?

Tá litir faighte ag do Phríomhoide ón Aire Denis Naughten agus ón Aire Richard Bruton ina dtugtar cuireadh do do scoil páirt a ghlacadh sa chlár.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár le fáil ag www.schooldigitalchampion.gov.ie. Má bhíonn aon cheist agat faoin bpróiseas iarratais, téigh i dteagmháil leis an oifig tionscadail, le do thoil, ag schooldigitalchampion@dccae.gov.ie.

Céim 1. Tagann daltaí chugatsa chun cur isteach ar Chlár na gCrann Taca Digiteach Scoile

Cuir na daltaí ar an eolas faoin gclár. Ba chóir duit iarraidh ar dhaltaí a bhfuil suim acu ann Foirm Ainmniúcháin a chomhlíonadh agus a thabhairt duit. Is féidir an fhoirm sin a fháil ag www.schooldigitalchampion.gov.ie

Tá na Foirmeacha Ainmniúcháin roghnach ach tá siad ceaptha mar chuidiú leat agus na Crainn Taca Digiteacha Scoile á roghnú agat.

Céim 2. Roghnaíonn do scoil foireann Crann Taca

Is féidir daltaí ó ranganna éagsúla nó ó bhlianta éagsúla sa scoil a roghnú agus foireann de 4 dhalta á chur le chéile. De réir aiseolais ó mhúinteoirí rannpháirteacha, tá an clár seo oiriúnach do dhaltaí nach bhfuil scrúduithe móra rompu.

Ba mhaith an rud é foireann a roghnú a bhfuil meascán d'eolas digiteach agus taithí theicniúil acu, chomh maith le réimse scileanna eagrúcháin

Ní mór do Chrainn Taca Digiteacha Scoile cead a fháil óna dtuismitheoirí. Is féidir Foirmeacha um Chead ó Thuismitheoirí a íoslódáil ag www.schooldigitalchampion.gov.ie

Céim 3. Socraigh an tionscadal

Nuair atá d'fhoireann Crann Taca roghnaithe agat, is é an chéad chéim eile ná a bheith ag comhoibriú agus teacht ar chomhaontú maidir leis an tionscadal digiteach a dtabharfaidh do scoil faoi. Ba chóir do thionscadail a bheith dírithe ar leas na scoile, leas an chomhphobail, nó leas na ngnóthaí áitiúla. Is féidir le Crainn Taca Digiteacha Scoile saineolas digiteach agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí atá i mbun clár agus tionscadal eile laistigh den scoil.

Céim 4. Líon isteach an fhoirm iarratais le haghaidh Crann Taca Digiteach Scoile

Is féidir leat an fhoirm iarratais le haghaidh Crann Taca Digiteach Scoile a líonadh isteach ar líne ag: www.schooldigitalchampion.gov.ie

Líon isteach an fhoirm seo go hiomlán, le do thoil, agus déan cinnte de go gceadaíonn Príomhoide na scoile é.

Ní mór duit an fhoirm iarratais ar líne a chur isteach roimh 5pm Déardaoin, 5 Deireadh Fómhair 2017.

Céim 5. Seol na Foirmeacha um Chead ó Thuismitheoirí le haghaidh Crann Taca Digiteach Scoile ar ais chugainn

Ba chóir don scoil cóip shínithe den Fhoirm um Chead ó Thuismitheoirí le haghaidh gach duine de na daltaí a roghnaítear mar Chrann Taca Digiteach Scoile a sheoladh chuig schooldigitalchampion@dccae.gov.ie ar an 12 Deireadh Fómhair 2017 nó roimhe sin.

Rachaimid i dteagmháil leat má theastaíonn tuilleadh eolais uainn maidir le d'iarratas.

Cathain a chaithfidh do thionscadal a bheith críochnaithe?

Caithfidh do thionscadal a bheith críochnaithe faoin 19 Aibreán 2018.

Mar chuid den tionscadal, ní mór do dhaltaí tuairisc ar an tionscadal a scríobh. Sa tuairisc sin déanfar cur síos ar an tionscadal agus saineofar an réasúnaíocht, na haidhmeanna, an próiseas agus na torthaí a bhaineann leis. Ba chóir an tuairisc a sheoladh chugainn ag schooldigitalchampion@dccae.gov.ie faoin 19 Aibreán 2018.

Tugtar treoirlínte breise ar www.schooldigitalchampion.gov.ie maidir le heolas atá le cur sa tuairisc.

Ní mór duit an tionscadal agus an tuairisc ar an tionscadal a chríochnú faoin 19 Aibreán 2018.

Céard é an amlíne?

Deireadh Fómhair 2017

- **5 Deireadh Fómhair** – Caithfidh an scoil an fhoirm iarratais ar líne le haghaidh Crann Taca Digiteach Scoile a chur isteach.
- **12 Deireadh Fómhair** – Caithfidh an scoil cóip shínithe den Fhoirm um Chead ó Thuismitheoirí le haghaidh gach duine de na daltaí a roghnaítear mar Chrann Taca Digiteach Scoile a sheoladh chuig schooldigitalchampion@dccae.gov.ie

  Cuirfidh daltaí tús lena gcuid oibre ar na tionscadail. Is féidir teacht ar ábhair cheardlainne na bliana anuraidh ar an suíomh gréasáin seo againne.

Samhain/Nollaig 2017

- Reáchtálfar lá oiliúna do mhúinteoirí agus do dhaltaí chun scileanna a fhoghlaim. Beidh ceardlanna éagsúla ar siúl an lá sin.

Márta/Aibreán 2018

- **Márta/luath-Aibreán** – Eagrófar cuairteanna ar shuíomhanna comhpháirtithe tionscail do Chrainn Taca Dhigiteacha Scoile agus dá múinteoirí atá páirteach sa chlár.
- **19 Aibreán** – an dáta deiridh le haghaidh gach tionscadail. Ba chóir Tuairisc ar an Tionscadal Críochnaithe a sheoladh chuig schooldigitalchampion@dccae.gov.ie

Bealtaine 2018

- Cuirfear tionscadail chríochnaithe i láthair ag ócáid náisiúnta, áit a mbronnfar Teastais Rannpháirtíochta ar na Crainn Taca Dhigiteacha Scoile.